



Céard atá tábhachtach ag breathnú ar lóistín?

Slándáil/Sábháilteacht

- Bí cinnte go bhfuil na doirse agus na fuinneoga glasáilte i gceart.
- Soilsiú sráide/sofheictheacht.
- Tabhair aird ar d'instinn.
- An bhfuil alaram ag an tigh?

Acmhainní

- Cuir an cith ar siúl.
- Bí cinnte go n-oibríonn an t-oigheann ina iomlán.
- Bí cinnte go bhfuil go leor soicéad sa seomra.

Lonnú, Lonnú, Lonnú

- Fáil ar iompar poiblí.
- Áiseanna béal dorais.
- An bhfuil cuma shábháilte ar an áit?
- Céard faoi áiteanna máguaird: Cill Droichid, Cill Choca srl

Taobh Istigh

- An bhfuil boladh taise agus múscaín nó paistí dorcha ar na ballaí?
- An bhfuil an tigh teolaí, glan agus tirim?
- An bhfuil go leor aeruithe ann?

Rialacha an Tí

An féidir liom tabac a chaitheamh? Cén áit?

Ar mhaith leis an tiarna talún go n-úsáidfinn an chistin ag am áirithe nó an gcaithfidh mé mo dhinnéar a réiteach am éigin eile? (i gcásanna féinfhreastail)

An bhfuil an bia sa chistin ar fáil dom?

An mbeidh mo sheomra in úsáid ag an teaghlach le linn laethanta saoire na Nollag agus na Cásca? (más rud é go mbeidh mé féin as baile agus más rud é nach mbeidh cíós á íoc agam ag an am)?

Cé mhéad duine eile atá ina gcónaí sa tigh? Cé eile a úsáidfidh an seomra folctha chomh maith liom?

An féidir liom mo chuid bia a stóráil sa chuisneoir nó an bhfuil spás dom ann?

Cathain a bhfaighidh mé m'éarlais ar ais? Conas a íocfar í? An úsáidfear í mar chíos don mhí dheireanach?

Ceisteanna Móra le Cur

Cé mhéad atá san **éarlais**?

An bhfuil béilte curtha ar fáil agus mura bhfuil an féidir liom an chistin a úsáid chun mo bhéilte féin a réiteach?

Tréimhse ama ag teastáil don fhográ imeachta agus na táillí eile, mar shampla fónais

An íocfaidh mé do sheachtainí staidéir, do sheachtainí na scrúduithe agus d'aimsir na Cásca?

An féidir liom cuireadh a thabhairt do chairde agus do ghaolta chun fanacht thar oíche – céard iad na rialacha agus an bhfuil táille ann?

Breathnaigh ar ár suíomh gréasáin le haghaidh tuilleadh **ceisteanna móra** agus le haghaidh **eolas do na tionóntaithe**.

Do sheicliosta

Admhálacha don éarlais agus do chíos go léir a d'íoc tú.....

bheadh leabhair chíosa ciallmhar le n-úsáid.

Cé hiad na daoine le heochair do dhoras do sheomra?

An bhfuil fáil ag an tiarna talún ar do sheomra/

ar an áit féin?

Glac pictiúir den seomra agus déan fardal (liosta de chuile shórt

a chuir an tiarna talún ar fáil agus den bhail ina bhfuileadar).

Iarr ar an tiarna talún sonraí teagmhála a thabhairt duit

ina n-iomlán. Ba cheart duit do shonraí teagmhála a chur ar fáil,


lena n-áirítear d'uimhir mic léinn, do sheoladh baile agus do

neasghaol.

Bí soiléir, i bhfoirm scríofa, cé chomh fada is a bheidh tú i do chónaí san áit agus an méid a íocfaidh tú as bheith as láthair.

Ar an gcéad leathanach eile, feicfidh tú léarscáil d'Ollscoil Mhá Nuad agus de na héastáit timpeall uirthi.

Maynooth University & Surrounding Estates



Tacaíocht na Mac Léinn – Seirbhís Aimsithe Lóistín

+353 (0)1 708 4729/homefinder.service@mu.ie/www.maynoothuniversity.ie/Homefinder